

Comhaontú na Seirbhíse Poiblí (Páirc an Chrócaigh) - Cúntóirí Riachtanas Speisialta

Imlitir Uimhir 0071/2011

Chuibh: Údaráis Bhainistíochta agus Cúntóirí Riachtanas Speisialta Bhunscoileanna, Mheánscoileanna, Scoileanna Pobail agus Scoileanna Cuimsitheacha aitheanta agus Coistí Gairmoideachais (CGOanna)

Eisíodh litir roinne ar 1 Feabhra 2011 a dhéanann foráil d'fhorfheidhmiú iomlán láithreach ar dhá ghné de Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí a bhaineann le Cúntóirí Riachtanas Speisialta (CRSanna), is é sin le rá:

1. Imlonnú solúbtha de Chúntóirí Riachtanas Speisialta laistigh de scoileanna chun freagairt d'éilimh oibre phráinneacha agus chun clúdach a dhéanamh do thréimhsí neamhláithreachta de na comhghleacaithe CRS;
2. Áit a dtagann éilimh oibre chun cinn le linn laethanta neamhtheagaisc, beidh an lánrogha ag bainistíocht na scoile go fóill feidhm a bhaint as baill foirne agus dualgais CRS a chur orthu.

I gcomhréir le Comhaontú na Seirbhíse Poiblí, rinneadh athbhreithniú cuimsitheach ar na téarmaí agus coinníollacha fostaíochta atá ann cheana féin freisin. Ag eascairt as an gconclúid ar an bplé a bhí ann faoi choimirce an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais idir na páirtithe uile i dtaobh an phróisis seo (IMPACT, CSTGT, Comhlachais Bhainistíochta agus an Roinn Oideachais agus Scileanna) tá an doiciméad ceangailte curtha ar aghaidh anois chuig na scoileanna lena fhorálacha uile a chur i bhfeidhm láithreach.

Ba chóir do scoileanna agus CGOanna na céimeanna riachtanacha a ghlacadh anois lena chinntiú go mbaintear an úsáid is mó as forálacha an doiciméid. Ba chóir a nótáil nach mbainfear úsáid as na forálacha san imlitir seo mar mheicníocht chun uaireanta oibre na mball foirne atá i scoil nó i gCGO cheana féin a laghdú ná nach mbainfear úsáid astu do dhíláithriú oibre a dhéanann baill foirne ar ghráid eile.

Príomhriachtanas d'athchumrú úsáid an 12 lá, ná go n-úsáidfear an t-am agus go ndéanfar é a sholáthar taobh amuigh de ghnáthuaireanta oscailte na scoile agus/nó den ghnáth-scoilbhliain. Ní féidir comhaontuithe ná socrúithe atá ann cheana féin a ionchorprú isteach in úsáid an riachtanais ama seo. Mar shampla, ní féidir an t-am athchumraithe a úsáid do dhualgais nach mór do na CRSanna a chomhlíonadh cheana féin roimh scoil agus i ndiaidh scoile i.e. ullmhúchán a dhéanamh agus slacht a chur ar na seomraí ranga, fáiltiú agus scaipeadh na leanaí.

Is ionann an 12 lá seo agus 72 uair an chloig (pro rata do CRSanna páirtaimseartha) agus ba chóir do scoileanna agus CGOanna pleanáil a dhéanamh d'úsáid na

n-uaireanta atá ar fáil agus ba chóir straitéis cumarsáide a fhorbairt chun béim a leagan ar na tairbhí a bheifear in ann a bhaint amach agus an imlitir seo curtha i bhfeidhm.

Ba chóir do scoileanna agus CGOanna a chinntiú go dtugann siad fógra réasúnta don fhoireann maidir le húsáid an ama seo agus ba chóir a chinntiú go gcoimeádtar taifid chruinne i dtaca leis seo.

Ach amháin má dhéantar foráil ar leith dó, ní dhéanann an comhaontú seo leasú ar imlitreacha atá ann cheana féin a leagann amach dualgais, téarmaí agus coinníollacha na CRSanna. Mar shampla, níor chóir go nglacfaí leis go n-athraíonn rud ar bith sa chomhaontú seo an sainmhíniú a chlúdaíonn na huairéanta oibre seachtainiúla do CRSanna mar atá leagtha amach in alt 2.5 de chonradh an CRS atá ann cheana féin ([Bunscoil –Imlitir CRS 15/05](#), [Iar-bhunscoil Imlitir CRS 12/05](#)) a shonraíonn gur gá do CRSanna “gnáthuaireanta oibre sa seomra ranga a dhéanamh, tréimhsí briseadh ranga san áireamh, chomh maith le freastal roimh scoil agus i ndiaidh scoile chun cabhrú le seomraí ranga, fáiltiú agus scaipeadh leanaí etc. a ullmhú agus slacht a chur orthu.” Chomh maith leis sin, is gá go fóill do CRSanna na dualgais a chomhlíonadh atá leagtha amach san Aguisín de chonradh an CRS atá ann cheana féin.

Déan deimhin de, le do thoil, go bhfaigheann gach CRS atá ag fónamh, iad siúd atá ar saoire neamhláithreachta san áireamh, cóip den Imlitir seo, agus cóip de na gnásanna maidir le Gearáin agus Araíonacht, agus go dtugtar cóip den imlitir seo agus cóip de na gnásanna maidir le Gearáin agus Araíonacht do gach CRS nuair a dhéantar é/í a earcú.

Philip Crosby
Príomhoifigeach
Caidreamh Foirne Seachtraigh
15 Nollaig 2011

Comhaontú na Seirbhíse Poiblí (Páirc an Chrócaigh) - Cúntóirí Riachtanas Speisialta

Rinneadh athbhreithniú cuimsitheach ar na téarmaí agus coinníollacha fostaíochta atá ann cheana féin i gcomhréir le forálacha Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí. Ag eascairt as an gconclúid ar an bplé a rinneadh faoi choimirce an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais idir na páirtithe uile i dtaobh an phróisis seo (IMPACT, CSTGT, Comhlachais Bhainistíochta agus an Roinn Oideachais agus Scileanna), tá an doiciméad seo curtha ar aghaidh anois chuig scoileanna lena fhorálacha uile a chur i bhfeidhm láithreach.

Téarmaí agus coinníollacha fostaíochta athbhreithnithe do Chúntóirí Riachtanas Speisialta (CRSanna):

1. Tá dualgais an CRS athshonraithe anois chun na dualgais riachtanacha a chur san áireamh atá de dhíth chun tacú le riachtanais na ndaltaí atá bodhar agus a bhfuil deacrachtaí éisteachta acu agus na ndaltaí atá dall agus na ndaltaí lagamhairc.
2. Tá dualgais an CRS athshonraithe anois chun tuiscint shoiléir agus éifeacht a thabhairt don fhiric go ndéantar dualgais an CRS a shannadh faoi lánrogha an Phríomhoide, nó duine eile atá ag gníomhú thar ceann an Phríomhoide, agus/nó an Bhoird Bhainistíochta de scoil nó CGO.
3. Tugann conradh an CRS atá ann cheana féin ([imlitir CRS12/05 – iar-bhunscoil](#) agus [CRS15/05 – bunscoil](#)) léargas, mar chuid de choinníollacha na seirbhíse, "*go ndéanann an Príomhoide nó múinteoir eile mar a shocraíonn an Príomhoide maoirseacht a gcuid oibre*". Tá dualgais an CRS athshonraithe anois chun tuiscint shoiléir agus éifeacht a thabhairt don fhiric nach sonraíonn ná nach dtugann an téarma fostaíochta seo le tuiscint gur riachtanas é do Phríomhoide ná do mhúinteoir maoirseacht dhíreach a dhéanamh ar an CRS an t-am ar fad.
4. Comhaontaíodh an doiciméad ceangailte (Aguisín 1) a chuir an Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais maidir leis an úsáid a bhaineann scoileanna agus CGOanna as an "12 lá" lena fhorálacha uile a chur i bhfeidhm láithreach i scoileanna agus CGOanna. Ceaptar go gcuirfidh sé seo go mór leis an tairbhe a mbeidh scoileanna in ann a bhaint as le foráil an "12 lá" seo.
5. Comhaontaíodh Gnásanna maidir le Gearáin agus Araíonacht idir na páirtithe uile ((IMPACT, CSTGT, Comhlachais Bhainistíochta agus an Roinn Oideachais agus Scileanna) le cur i bhfeidhm láithreach i ngach scoil. Tá na gnásanna seo in [Imlitir 0072/2011](#). Ba chóir a nótáil go bhfuil Gnásanna ar leith maidir le Gearáin agus Araíonacht i bhfeidhm don fhoireann i gCGOanna.

AGUISÍN 1

Cúntóirí Riachtanas Speisialta (CRSanna) – Doiciméad an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais maidir le hAthbhreithniú Conartha Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí.

1. Rinne Comhaontú na Seirbhíse Poiblí soláthar d'athbhreithniú cuimsitheach agus athbhreithniú ar na téarmaí agus coinníollacha fostaíochta de na CRSanna atá ann cheana féin chun constaicí ar bith a aimsiú agus a bhaint maidir le soláthar a dhéanamh do thacaíocht éifeachtúil agus éifeachtach a chur ar fáil do dhaltaí a bhfuil riachtanais cúraim speisialta acu.
2. Ach amháin mar a ndéantar foráil dó thíos, ní dhéanann an comhaontú seo aon leasú ar imlitreacha atá ann cheana féin a leagann amach dualgais, téarmaí agus coinníollacha na CRSanna.
3. Faoi gconradh atá ann cheana féin, tá riachtanas ar na CRSanna a bheith ar fáil ar feadh líon laethanta ag tús agus deireadh gach téarma scoile, nach dtéann thar 12 lá san iomlán, agus nach bhfuil níos mó ná 5 lá leantacha i gceist.
4. Tá sé i gceist solúbthacht níos fearr a thabhairt isteach maidir le húsáid an 12 lá seo. In ionad na laethanta seo a úsáid mar laethanta lasmuigh den ghnáthfhéilire scoile amháin, is féidir iad a úsáid mar bhanc breise d'uaireanta le húsáid agus le soláthar lasmuigh de na gnáthuaireanta oscailte scoile agus/nó den ghnáth-scoilbhliain. Is ionann an 12 lá seo agus 72 uair an chloig (pro rata do CRSanna páirtaimseartha).
5. Tá liosta dualgas leagtha amach i bpointe 9 den doiciméad seo. Tá na míreanna ar an liosta mar chuid de ghnáthraon de dhualgais an CRS, agus féadfar iad a chomhlíonadh am ar bith le linn na ngnáthuaireanta oibre. Ar an gcuma chéanna, toisc gur féidir na dualgais seo a chomhlíonadh am ar bith nuair nach bhfuil daltaí a bhfuil riachtanais speisialta acu i láthair, is gníomhaíochtaí iomchuí iad le bheith comhlíonta le linn an 72 uair an chloig. Tugtar faoi deara freisin gur dualgais iomchuí iad na dualgais atá leagtha amach i bpointe 9, le bheith comhlíonta in iar-bhunscoileanna nuair nach bhfuil daltaí a bhfuil riachtanais speisialta acu i láthair i mí an Mheithimh.
6. Ní féidir comhaontuithe ná socrúite atá ann cheana féin a ionchorprú isteach in úsáid an 72 uair an chloig; mar shampla, is gá do CRSanna, chomh maith leis na gnáthuaireanta oibre a dhéanamh, tréimhsí briseadh ranga san áireamh, freastal roimh scoil agus i ndiaidh scoile chun cabhrú leis an ullmhúchán a dhéanamh agus slacht a chur ar na seomraí ranga, fáiltiú agus scaipeadh na leanaí etc.
7. Féadfar an 72 uair an chloig a úsáid ar dhá bhealach mar seo a leanas (nó i dteannta a chéile):
 - a. Faoi lánrogha bhainistíocht na scoile, féadfar na huairéanta a chomhiomlánú i mbloic idir 1 uair an chloig agus 2.5 uair, a dhéanfar a

sceidealadh ar laethanta nuair a bheadh na CRSanna i láthair de ghnáth agus lasmuigh de na gnáthuaireanta tinrimh. Ba chóir go mbeadh bloc ama a dhéantar a sceidealadh mar seo a bheith díreach roimh na gnáthuaireanta tinrimh nó díreach ina ndiaidh. Ach, féadfar tréimhse réasúnta a cheadú do bhriseadh ón obair. Féadfar moilliú níos faide a cheadú (m.sh. mar gheall ar ócáid um thráthnóna sa scoil) áit a bhfuil comhaontú ann lena leithéid a dhéanamh;

- b. Faoi lánrogha bhainistíocht na scoile, féadfar na huairéanta a chomhiomlánú i mbloic de 1, 2, 3, 4 nó 5 lá leantacha (Uasmhéid ná 5 lá in aon am amháin), a dhéanfar a sceidealadh lasmuigh de na laethanta nuair a bheadh na CRSanna i láthair de ghnáth. Beidh bloic laethanta a dhéanfar a sceidealadh mar seo díreach i ndiaidh nó roimh téarmaí scoile nó tarlóidh siad laistigh de chúpla lá de sin. Féadfar tréimhse bearna níos faide ag tús nó ag deireadh na dtéarmaí a cheadú áit a bhfuil comhaontú ann lena leithéid a dhéanamh.

8. Féadfaidh an 72 uair an chloig a bheith sainithe faoi lánrogha amháin bhainistíocht na scoile chun déileáil le míreanna áirithe nó leis na míreanna uile mar atá leagtha amach i bpointe 9 den doiciméad seo. Ach, aithnítear, mar gheall ar líon na scoileanna agus réimse riachtanas na ndaltaí, nach bhfuil sé indéanta gach cúinse a thiofadh aníos a aithint, agus dá bhrí sin b'fhéidir go mbeidh gá le dualgais iomchuí eile chomhlíonadh.

9. Liosta dualgas nach bhfuil uileghabhálach.

Gníomhaíocht daltalárnach RSO:

- Ionchur a sholáthar maidir le riachtanais cúraim chun Pleananna Oideachais Aonair a ullmhú;
- Cuidiú le pleanáil um chúram;
- Cuidiú agus eolas a chur ar fáil maidir le riachtanais cúraim chun tuarascálacha agus comhaid fhiseolaíocha agus scoile a ullmhú;
- Cuidiú leis an bpróiseas idirthréimhse maidir le riachtanais cúraim do dhaltaí ag aistriú ó scoil nó ionad oideachais amháin chuig ceann eile;
- Cuidiú le daltaí RSO chun a gcuid oibre a chur ar taispeáint;
- Cuidiú le hanailís a dhéanamh ar an tinreamh do dhaltaí RSO;
- Cuidiú leis na múinteoirí agus/nó leis an bpríomhoide chun dialann agus córas monatóireachta aonfhoirmeach um chúram a choinneáil do dhaltaí RSO;
- Cuidiú leis an bPríomhoide nó le múinteoir eile atá ainmnithe ag an bPríomhoide chun cuntais eolais faoi dhaltaí RSO a ullmhú
- Faoi threoir an bPríomhoide nó an mhúinteora ainmnithe, cuidiú le heolas a chur le chéile do bhaill foirne nuair a fhilleann siad ar an rang sa bhliain acadúil nua m.sh. mar mhír ar leith sa lámhleabhar foirne, go háirithe maidir le cúram agus cuidiú atá de dhíth sa rang ar dhaltaí RSO;

Riarachán acmhainní foghlama:

- An Seomra Ranga, Seomra Acmhainne, Seomra Tacaíochta Foghlama, seomraí ranga ASD agus seomraí eile den sórt sin atá in úsáid ag daltaí RSO a ullmhú, a eagrú agus slacht a chur orthu, chomh maith leis an

trealamh agus na hacmhainní cuí a úsáidtear, iad siúd a bhaineann le TFC ina measc;

- Ábhair agus trealamh sna seomraí ranga atá in úsáid ag daltaí RSO a ullmhú, saintrealamh atá in úsáid ag daltaí RSO a ghlanadh san áireamh, m.sh. méarchláir ríomhaire, deasca speisialta;
- Cuidiú a chur ar fáil do dhaltaí RSO maidir lena n-ábhair, taispeántais, cláir agus leabhair ranga a chur le chéile agus a n-ábhair a ullmhú don rang.

Pleanáil agus forbairt ranga agus scoile:

- Rannpháirtíocht i bpleanáil forbartha agus forbairt polasaí na scoile, más iomchuí, lena n-áirítear tagairt do chuidiú ar leith atá de dhíth ar dhaltaí RSO le bheith rannpháirteach go hiomlán sa scoil;
- Pleanáil a dhéanamh do na ranganna an lá dár gcionn; go háirithe áit a mbeadh riachtanais cúraim nó cuidithe bhreise do ranganna nó tionscadail áirithe;
- Teagmháil a dhéanamh leis an múinteoir ranga;
- Teagmháil a dhéanamh le múinteoirí eile ar nós múinteoirí acmhainne agus/nó an Príomhoide;
- Cruinnithe le tuismitheoirí de réir mar is cuí le comhaontú agus treoir an Phríomhoide agus/nó an mhúinteora ranga;
- Ullmhú a dhéanamh do chruinnithe d'fhoireann uile na scoile agus cruinnithe foirne agus freastal orthu;
- Rannpháirtíocht agus cuidiú i struchtúir oibriúcháin scoile atá i bhfeidhm chun iomlánú agus rannpháirtíocht na ndaltaí RSO ar scoil a éascú.

Scrúduithe (Scrúduithe Stáit agus Scrúduithe Intí):

- Cuidiú le hIonaid Scrúdaithe Speisialta agus ionaid chóiríochta oiriúnacha a bhunú do scrúduithe;
- Cuidiú lena chinntiú go bhfuil na hionaid speisialta eagraithe i gceart, agus go bhfuil na daltaí RSO le CRS sannta dóibh i láthair agus go bhfuil an trealamh cuí acu;
- Áit a bhfuil seomraí curtha in oiriúint le húsáid mar ionaid speisialta, cuidiú leis na seomraí sin a chur ar ais mar sheomra ranga do ghnáthúsáid scoile nuair atá na scrúduithe críochnaithe.

Oiliúint agus forbairt:

- Oiliúint (go náisiúnta nó tugtha mar údarás ón scoil);
- Comhghleacaí CRSanna a chur ar an eolas maidir leis an dea-chleachtas bunaithe ar eolas gairmiúil agus ó thaithí maidir le riachtanais oideachais agus cúraim na ndaltaí RSO, le comhaontú agus treoir an Phríomhoide, agus/nó an mhúinteora ranga;
- Breisoiliúint a chur ar dhaltaí RSO maidir leis an úsáid a bhaintear as TFC mar uirlisí foghlama;

Eile:

- Obair eile atá oiriúnach don ghrád mar a bheidh socraithe de réir riachtanais na ndaltaí RSO agus na scoile.